

SEASAMH (AE) Uimh. 5/2010 ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004

Arna ghlacadh ag an gComhairle an 11 Márta 2010

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

(2010/C 122 E/02)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag gníomhaíocht an Aontais i réimse an iompair mhuirí agus ar uiscebhealaí intíre, i measc nithe eile, a áirithiú go mbeidh ardleibhéal cosanta ag paisinéirí atá inchomparáide le modhanna iompair eile. Ina theannta sin, ba cheart na ceanglais a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, go ginearálta, a chur san áireamh go hiomlán.
- (2) Ós rud é gurb é an paisinéir a bhíonn ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre an páirtí is laíge sa chonradh iompair, ba cheart leibhéal íosta cosanta a thabhairt do gach paisinéir. Níor cheart go gcoiscfeadh rud ar bith ar iompróirí coinníollacha conarthacha a thairiscint a bheidh níos fabhraí don phaisinéir ná na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.
- (3) Ba cheart go gcumhdófaí, le cosaint phaisinéirí, ní amháin seirbhísí do phaisinéirí idir calafoirt atá suite i gcríoch na mBallstát, ach freisin seirbhísí do phaisinéirí idir na calafoirt sin agus calafoirt atá suite lasmuigh de chríoch na mBallstát, agus an baol go ndéanfaí saobhadh ar an iomaíocht i margadh iompar na bpaisinéirí á chur san áireamh. Ba cheart, dá bhrí sin go léireofaí an téarma 'iompróirí Aontais' ar bhealach chomh leathan agus is féidir chun críche an Rialacháin seo, ach sin gan difear a dhéanamh do reachtaíocht eile de chuid an Aontais, amhail Rialachán (CEE) Uimh. 4056/86 ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 85 agus Airteagal 86 den Chonradh maidir le hiompar muirí ⁽³⁾ a chur i bhfeidhm agus Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm maidir le hiompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí) ⁽⁴⁾.

(4) Ba cheart go rachadh an margadh aonair do sheirbhísí do phaisinéirí ar muir agus ar uiscebhealaí intíre chun leasa na saoránach i gcoitinne. Dá bhrí sin, maidir le daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, de bharr míchumais, de bharr aoise nó ar chúis ar bith eile, ba cheart go mbeadh deiseanna acu seirbhísí do phaisinéirí a úsáid agus turais a dhéanamh d'uisce, atá inchomparáide leis na deiseanna atá ag saoránaigh eile. Tá na cearta céanna maidir le saorghluaisteacht, le saor-rogha agus le neamhidirdhealú ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus atá ag gach saoránach eile.

(5) I bhfianaise Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus chun deiseanna atá inchomparáide leis na deiseanna atá ag saoránaigh eile a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chun taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre, ba cheart rialacha a bhunú maidir le neamhidirdhealú agus maidir le cúnamh le linn dóibh a bheith ag taisteal. Ba cheart, dá bhrí sin, na daoine sin a ghlacadh lena n-iompar agus níor cheart seirbhís iompair a dhiúltú dóibh ar fhorais a bhaineann lena míchumas nó lena n-easpa soghluaisteachta, ach amháin ar chúiseanna a mbeidh údar leo ar fhorais sláinte agus sábháilteachta agus a bheidh leagtha amach ag na húdaráis inniúla. Ba cheart go dteachtfaidís an ceart chun cúnamh i gcalafoirt agus ar bord long paisinéirí. Ar mhaithe leis an gcuimsiú sóisialta, ba cheart go bhfaigheadh na daoine lena mbaineann an cúnamh sin saor in aisce. Ba cheart d'iompróirí coinníollacha rochtana a bhunú, agus an córas Eorpach um chaighdeánú á úsáid acu de rogha.

(6) Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le dearadh calafort nua agus críochfort nua, agus mar chuid de nuachóirithe ollmhóra, ba cheart do na comhlachtaí atá freagrach as na saoráid sin na riachtanais a bhíonn ag daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur san áireamh, i gcás inar gá sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na hiompróirí, i gcás inar gá sin, na riachtanais sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le dearadh long nua paisinéirí agus dearadh long paisinéirí a athchóiríodh le déanaí i gcomhréir le Treoir 2009/45/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha sábháilteachta agus caighdeán sábháilteachta le haghaidh long paisinéirí ⁽⁵⁾ agus Treoir 2006/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena leagtar síos ceanglais theicniúla do shoithí uiscebhealaigh intíre ⁽⁶⁾.

⁽¹⁾ Tuairim an 16 Iúil 2009 (IO C 317, 23.12.2009, lch. 89)

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle ...

⁽³⁾ IO L 378, 31.12.1986, lch. 4.

⁽⁴⁾ IO L 364, 12.12.1992, lch. 7.

⁽⁵⁾ IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 389, 30.12.2006, lch. 1.

- (7) An cúnamh a thabharfar ag calafoirt atá suite i gcíoch Ballstáit, ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas na ndaoine atá faoi mhíchumas agus na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, i measc nithe eile, dul ó ionad ainmnithe teachta i gcalafort chuig long paisinéirí agus ón long paisinéirí chuig ionad ainmnithe imeachta i gcalafort, lena n-áirítear bordáil agus díbhordáil.
- (8) Agus cúnamh do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe á eagrú acu, agus oiliúint ar a bhfoirne á heagrú acu, ba cheart do na hiompróirí comhoibriú leis na heagraíochtaí atá ionadaíoch ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Agus iad i mbun na hoibre sin ba cheart dóibh freisin forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe a chur san áireamh chomh maith le Moladh na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) maidir le dearadh agus oibriú long paisinéirí ar mhaithe le freagairt do riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.
- (9) Ba cheart go gcuirfí dóthain faisnéise ar fáil do phaisinéirí i gcás cealaithe nó moille aon seirbhíse do phaisinéirí nó aon turais d'uisce. Ba cheart go gcabhródh an fhaisnéis sin le paisinéirí na socruithe is gá a dhéanamh agus faisnéis a fháil faoi thurais mhalartacha, más gá.
- (10) Ba cheart an mhíchaoithiúlacht a laghdú a bhíonn ar phaisinéirí de bharr cealú nó moille fada ar a dturas. Chuige sin, ba cheart dóthain aire a thabhairt do phaisinéirí agus ba cheart go mbeidís in ann a dturas a chur ar ceal agus luach a dticéad a fháil ar ais nó athródú a fháil faoi choinníollacha sásúla.
- (11) Ba cheart d'iompróirí a fhoráil go ndéanfaí cúiteamh a íoc le paisinéirí i gcás moille sa tseirbhís do phaisinéirí nó cealú seirbhíse do phaisinéirí, ar cúiteamh é a bheadh bunaithe ar chéatadán de phraghas an ticéid, ach amháin nuair is drochaimsir a chuirfeadh oibriú sábháilte na loinge i mbaol nó dálaí eisceachtúla is cúis leis an gcealú nó leis an moill, ar dálaí iad nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta chuige sin.
- (12) Ar an drochaimsir a chuirfeadh oibriú sábháilte na loinge i mbaol, ba cheart go n-áireofaí gaoth mhór, farraige mhór, sruth mór, dálaí deacra de bharr leac oighir agus leibhéil fíorarda nó fíorisle uisce, ach ní gá gurbh iad sin amháin a bheadh i gceist léi.
- (13) Ba cheart go n-áireofaí le dálaí eisceachtúla ionsaithe sceimhlitheoireachta, coinbhleachtaí oibreachais, aon duine atá tinn, gortaithe nó marbh a thabhairt i dtír, oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir nó ar uiscebhealaí intíre, bearta a bhfuil gá leo chun an comhshaol a chosaint, cinntí maidir le trácht arna nglacadh ag comhlachtaí bainistithe tráchta nó údaráis calafoirt, nó cinntí arna nglacadh ag na húdaráis inniúla ag féachaint don ord poiblí agus don tsábháilteacht agus chun freastal ar riachtanais phráinneacha iompair, ach ní gá gurbh iad sin amháin a bheadh i gceist leis na dálaí sin.
- (14) Agus iad ag obair as láimh a chéile leis na geallsealbhóirí, leis na cumainn ghairmiúla agus le cumainn chustaiméirí, paisinéirí, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart do na hiompróirí comhoibriú chun socruithe a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na hEorpa le feabhas a chur ar an gcúram a dhéantar de phaisinéirí agus ar an gcúnamh a chuirtear ar fáil dóibh aon uair a gcuirtear isteach ar a gcuid taistil, go háirithe i gcás moilleanna fada nó an taisteal a bheith curtha ar ceal.
- (15) Níor cheart don Rialachán seo aon difear a dhéanamh do chearta do phaisinéirí a bunaíodh le Treoir 90/314/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1990 maidir le taisteal lánegraithe⁽¹⁾, saoire lánegraithe agus turais lánegraithe. Níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo i gcásanna ina gcuirfeadh turas lánegraithe ar ceal ar chúiseanna seachas cealú na seirbhíse do phaisinéirí nó an turais d'uisce.
- (16) Ba cheart go gcuirfí paisinéirí ar an eolas go hiomlán maidir leis na cearta atá acu faoin Rialachán seo, ionas go mbeidís in ann na cearta sin a fheidhmiú ar bhealach éifeachtach. Ba cheart go gcuimseofaí, le cearta na bpaisinéirí, faisnéis a fháil maidir leis an tseirbhís paisinéirí nó leis an turas d'uisce roimh an turas agus lena linn. Maidir leis an bhfaisnéis riachtanach ar fad a chuirtear ar fáil do phaisinéirí, ba cheart í a chur ar fáil freisin i bhformáidí a mbeadh rochtain orthu ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.
- (17) Ba cheart go mbeadh paisinéirí in ann a gcearta a fheidhmiú trí nósanna imeachta iomchuí um ghearáin, arna gcur chun feidhme ag iompróirí nó, de réir mar a bheidh, trí ghearáin a chur faoi bhráid an chomhlachta arna ainmniú chuige sin ag an mBallstát nó faoi bhráid na gcomhlachtaí arna n-ainmniú chuige sin ag an mBallstát. Ba cheart do na hiompróirí gearáin ó phaisinéirí a fhreagairt laistigh de thréimhse áirithe ama, agus é á chur san áireamh acu go bhféadfadh sé go dtógfaí orthu arís é mura ngníomhóidís tar éis gearán a fháil.
- (18) Agus na nósanna imeachta atá bunaithe ag Ballstát chun gearáin a chur isteach á gcur san áireamh, ba cheart, de rogha, gearán faoi chúnamh i gcalafort nó ar bord loinge a chur chuig an gcomhlacht nó chuig na comhlachtaí arna ainmniú nó arna n-ainmniú chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú sa Bhallstát a bhfuil an calafort bordála suite ann agus, i gcás seirbhísí do phaisinéirí ar seirbhísí ó thrú tír iad, sa Bhallstát a bhfuil an calafort díbhordála suite ann.
- (19) Ba cheart do na Ballstáit comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, agus ba cheart dóibh comhlacht inniúil nó comhlachtaí inniúla a ainmniú chun cúraimí maoirseachta agus forfheidhmithe a dhéanamh. Ní dhéanfaidh sé sin difear do na cearta atá ag paisinéirí sásamh dlíthiúil a lorg ó chúirteanna faoin dlí náisiúnta.
- (20) Ba cheart do na Ballstáit pionóis a leagan síos a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfeadh na pionóis sin i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

⁽¹⁾ IO L 158, 23.6.1990, lch. 59.

- (21) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ardleibhéal cosanta agus cúnamh a áirithiú do phaisinéirí ar fud na mBallstát agus a áirithiú go n-oibreoidh na gníomhairí eacnamaíocha faoi choinníollacha comhchuibhithe i margadh aonair, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó iarmhairtí na gníomhaíochta, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (22) Ba cheart forfheidhmiú an Rialacháin seo a bhunú ar Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe um chosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú (an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí)⁽¹⁾. Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán sin a leasú dá réir sin.
- (23) Maidir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin⁽²⁾, ba cheart í a urramú go huile agus ba cheart í a fhorfheidhmiú go hiomlán lena ráthú go ndéanfar príobháideacht daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha a urramú agus d'fhonn a áirithiú maidir leis an bhfaisnéis agus maidir leis na tuarascálacha a iarrfar, nach mbainfear úsáid astu ach leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach agus nach mbainfear úsáid astu ar dhóigh a rachadh chun dochair do na daoine sin.
- (24) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha a dtugtar aitheantas faoi leith dóibh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus déantar de réir na bprionsabal a dtugtar aitheantas faoi leith dóibh ann,
- (a) neamh-idirdhealú idir phaisinéirí ó thaobh na gcoinníollacha iompair a chuireann iompróirí ar fáil dóibh;
- (b) neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;
- (c) na cearta a bheidh ag paisinéirí i gcás cealaithe nó moille;
- (d) an fhaisnéis íosta a bheidh le cur ar fáil do phaisinéirí;
- (e) láimhseáil gearán;
- (f) rialacha ginearálta maidir le forfheidhmiú.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le paisinéirí a bheidh ag taisteal:

- (a) ar sheirbhísí do phaisinéirí i gcás inarb i gcríoch Ballstát a bheidh an calafort bordála suite;
- (b) ar sheirbhísí do phaisinéirí i gcás inar lasmuigh de chríoch Ballstát a bheidh an calafort bordála suite agus inarb i gcríoch Ballstát atá an calafort díbhordála suite, ar choinníoll gur ag iompróir Comhphobail atá an tseirbhís á hoibriú;
- (c) ar thuras d'uisce i gcás inarb i gcríoch Ballstát atá an calafort bordála suite. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 16(2), 18, 19 ná 20(1) agus (4) maidir leis na paisinéirí sin áfach.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le paisinéirí a bheidh ag taisteal:

- (a) ar longa atá deimhnithe chun suas le 36 paisinéirí a iompar;
- (b) ar longa nach bhfuil níos mó ná triúr ar an gcríú atá freagrach as oibriú na loinge nó i gcás inar lú ná 500 méadar, aon bhealach, fad na seirbhíse do phaisinéirí ina iomláine; nó
- (c) ar thurais aeraíochta agus ar thurais chuartaíochta nach turais d'uisce iad.

3. Féadfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse dhá bhliain ón ... (*), longa farraige ar lú ná 300 tona a n-olltonnáiste agus a oibrítear in iompar baile a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar choinníoll go ndéantar cearta na bpaisinéirí faoin Rialachán seo a áirithiú go leordhóthanach faoin dlí náisiúnta.

4. Maidir le seirbhísí do phaisinéirí ar seirbhísí iad a chumhdaítear le hoibleagáidí seirbhíse poiblí, le conarthaí seirbhíse poiblí nó le seirbhísí comhtháite, féadfaidh na Ballstáit iad a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar choinníoll go ndéantar ráthú leordhóthanach ar chearta na bpaisinéirí faoin Rialachán seo leis an dlí náisiúnta.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

⁽¹⁾ IO L 364, 9.12.2004, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

(*) Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

5. Ní thuigfead, maidir le ní ar bith sa Rialachán seo, gur ceanglais theicniúla iad lena leagtar oibleagáid ar iompróirí, ar oibreoirí críochfoirt ná ar eintitis eile longa a mhodhnú nó longa eile a chur ina n-ionad, ná an bonneagar agus an trealamh i gcalafoirt agus i gcríochfoirt calafort a mhodhnú nó bonneagar nó trealamh eile a chur ina n-ionad.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘duine atá faoi mhíchumas’ nó ‘duine a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe’ aon duine a bhfuil laghdú ar an gcumas atá aige gluaiseacht agus é ag úsáid seirbhíse iompair, mar thoradh ar mhíchumas coirp (míchumas céadfach nó gluaisluaile, bíodh an míchumas sin buan nó sealadach), míchumas intleachta nó laige intleachta, nó ar chúis mhíchumais ar bith eile, nó de bharr aoise, agus ar duine é a bhfuil aire iomchuí ag teastáil uaidh mar gheall ar an mbail atá air chomh maith le hoiriúnú dá riachtanais speisialta;
- (b) ciallaíonn ‘críoch Ballstáit’ críoch a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi, dá dtagraítear in Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi na coiníollacha a leagtar amach iontu;
- (c) ciallaíonn ‘coinníollacha rochtana’ caighdeáin, treoirlínte agus faisnéis ábhartha i dtaobh inrochtaine críochfort calafoirt agus long lena n-áirítear na saoráidí atá acu do dhaoine atá faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe;
- (d) ciallaíonn ‘iompróir’ duine dlítheanach nó duine nádúrtha a bhfuil iompar á thairiscint aige trí sheirbhísí do phaisinéirí nó trí thurais d’uisce don phobal i gcoitinne;
- (e) ciallaíonn ‘iompróir Aontais’ iompróir atá bunaithe laistigh de chríoch Ballstáit nó a thairgeann iompar trí sheirbhísí do phaisinéirí agus arna n-oibriú ó chríoch Ballstáit nó go dtí críoch Ballstáit;
- (f) ciallaíonn ‘seirbhís do phaisinéirí’ seirbhís tráchtála iompair phaisinéirí ar muir nó ar uiscebhealach intíre agus a oibrítear de réir tráthchlár fhoilsithe;
- (g) ciallaíonn ‘seirbhísí comhtháite’ seirbhísí idirnasctha iompair laistigh de limistéar sonraithe geografach a bhfuil an t-aon seirbhís faisnéise amháin, an t-aon scéim ticéadaithe amháin agus an t-aon tráthchlár amháin acu;
- (h) ciallaíonn ‘iompróir feidhmiúil’ duine seachas an t-iompróir, a dhéanann cuid nó iomlán an tseirbhís iompair a fheidhmiú iarbhrí;
- (i) ciallaíonn ‘uiscebhealach intíre’ do bharlach inseolta nádúrtha nó saorga intíre, nó córas de dhobharlaigh idir-

nasctha, a úsáidtear don iompar, amhail locha, aibhneacha nó canálacha nó aon teaghlaim díobh sin;

- (j) ciallaíonn ‘calafort’ áit nó limistéar tíreolaíochta comhdhéanta d’oibreacha agus de shaoráidí feabhsúcháin, ar chaoi gur féidir ártach a ligean isteach ann a mbeadh paisinéirí ag bordáil go tráthrialta air nó ag díbhordáil go tráthrialta de;
- (k) ciallaíonn ‘críochfort calafoirt’ críochfort, arna fhoireannú ag iompróir nó ag oibreoir críochfoirt, i gcalafoirt a bhfuil saoráidí, amhail deasc cláraithe, cuntair ticéad nó toglanna, agus foireann ann le haghaidh bordála agus díbhordála paisinéirí atá ag taisteal ar sheirbhísí do phaisinéirí nó ar thuras d’uisce;
- (l) ciallaíonn ‘long’ soitheach a mbaintear úsáid aisti le haghaidh loingseoireachta ar muir nó ar uiscebhealaí intíre;
- (m) ciallaíonn ‘conradh iompair’ conradh iompair idir iompróir agus paisinéir chun nó níos mó ná seirbhís amháin do phaisinéirí nó turas amháin d’uisce a sholáthar;
- (n) ciallaíonn ‘ticéad’ doiciméad bailí nó fianaise eile ar chonradh iompair;
- (o) ciallaíonn ‘díoltóir ticéad’ aon mhiondíoltóir a dhéanann conarthaí iompair thar ceann iompróra;
- (p) ciallaíonn ‘gníomhaire taistil’ aon mhiondíoltóir a ghníomhaíonn thar ceann paisinéara chun conarthaí iompair a dhéanamh;
- (q) ciallaíonn ‘tionscnóir turas’ eagraí, seachas iompróir, de réir bhrí Airteagal 2(2) agus (3) de Threoir 90/314/CEE;
- (r) ciallaíonn ‘áiritint’ imeacht shonrach a chur in áirithe ar sheirbhís do phaisinéirí nó ar thuras d’uisce;
- (s) ciallaíonn ‘oibreoir críochfoirt’ comhlacht príobháideach nó comhlacht poiblí ar chríoch Ballstáit ar comhlacht é atá freagrach as críochfort calafoirt a riaradh agus a bhainistiú;
- (t) ciallaíonn ‘turas d’uisce’ seirbhís iompair ar muir nó ar uiscebhealach intíre, a oibrítear go heisiach chun críocha an phléisiúir nó an áineasa, arna comhlánú le lóistín agus le saoráidí eile, agus fanacht breis agus dhá oíche ar bord mar chuid di;
- (u) ciallaíonn ‘teagmhas loingseoireachta’ longbhriseadh, iompú loinge, imbhualadh na loinge nó tráchur na loinge, pléascadh nó tine ar an long nó fabht sa long.

Airteagal 4

Ticéid agus coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha conartha

1. Eiseoidh na hiompróirí ticéad leis an bpaisinéir, mura mbeidh teidlíocht iompair á tabhairt le doiciméid eile faoin dlí náisiúnta. Féadfadh ticéad a eisiúint i bhformáid leictreonach.

2. Gan dochar do tharaifí sóisialta, maidir leis na coiníollacha conartha agus na taraifí a bheidh á gcur i bhfeidhm ag iompróirí nó ag díoltóirí ticéad, déanfar iad a thairiscint don phobal i gcoitinne gan idirdhealú díreach ná indíreach bunaithe ar náisiúntacht an chustaiméara deiridh ná bunaithe ar áit bhunaíochta na n-iompróirí nó na ndíoltóirí ticéad laistigh den Aontas.

Airteagal 5

Páirtithe feidhmiúla eile

1. Má cuireadh feidhmiú na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo de chúram ar iompróir feidhmiúil, ar dhíoltóir ticéad nó ar aon duine eile, beidh an t-iompróir, an gníomhaire taistil, an tionscnóir turas nó an t-oibreoir críochfoirt a chuir na hoibleagáidí sin de chúram air, faoi dhliteanas fós maidir le gníomhartha agus le neamhghníomhartha an pháirtí fheidhmiúil sin, agus an páirtí sin ag gníomhú laistigh de raon feidhme a fhosáíochta.

2. I dteannta mhír 1, maidir leis an bpáirtí ar chuir an t-iompróir, an gníomhaire taistil, an tionscnóir turas nó an t-oibreoir críochfoirt feidhmiú oibleagáide de chúram air, beidh sé faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, lena n-áirítear forálacha maidir le dliteanas agus cosaintí, i dtaca leis an oibleagáid a cuireadh faoina chúram.

Airteagal 6

Tarscaoileadh a eisiamh

Maidir le hoibleagáidí de bhun an Rialacháin seo, ní dhéanfar iad a theorannú ná a tharscaoileadh, go háirithe trí mhaolú nó trí chlásal sriantach sa chonradh iompair.

CAIBIDIL II

CEARTA DAOINE ATÁ FAOI MHÍCHUMAS AGUS DAOINE A BHFUIL A SOGHLUAISTEACHT LAGHDAITHE

Airteagal 7

An ceart chun iompair

1. Maidir le hiompróirí, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas, ní dhiúltoíd siad áirithint a ghlacadh, ticéad a eisiúint ná ticéad a chur ar fáil ar dhóigh eile ná daoine a bhordáil ar fhorais mhíchumais nó ar fhorais soghluaisteachta laghdaithe.

2. Déanfar áirithintí agus ticéid a thairiscint gan costas breise do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Airteagal 8

Eisceachtaí agus coiníollacha speisialta

1. D'ainneoin Airteagal 6(1), féadfaidh iompróirí, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a dhiúlú, sna cásanna seo a leanas, áirithint a ghlacadh ó dhuine, ticéad a eisiúint ná a chur ar fáil dó ar dhóigh eile ná é a bhordáil, ar fhorais mhíchumais nó ar fhorais soghluaisteachta laghdaithe:

(a) d'fhonn na ceanglais infheidhme sláinte agus sábháilteachta arna mbunú ag an dlí idirnáisiúnta, ag dlí an Aontais nó ag an dlí náisiúnta a chomhlíonadh nó d'fhonn na ceanglais sláinte agus sábháilteachta arna mbunú ag na húdaráis inniúla a chomhlíonadh;

(b) i gcás ina mbeadh sé dodhéanta, de bharr dhearadh na loinge paisinéirí nó de bharr bonneagar agus trealamh an chalafóirt, lena n-áirítear críochfoirt calafóirt, an duine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bhordáil, a dhíbhordáil nó a iompar ar mhodh a bheadh sábháilte nó ar mhodh a bheadh indéanta go hoibríochtúil.

2. I gcás ina ndiúltofar áirithint a ghlacadh nó ticéad a eisiúint nó a chur ar fáil ar dhóigh eile ar na forais dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh iompróirí, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas iarrachtaí réasúnacha chun iompar inghlactha malartach a thairiscint don duine lena mbaineann, ar sheirbhís do phaisinéirí nó ar thuras d'uisce arna oibriú ag an iompróir.

3. Má dhiúltaítear cead bordála, ar fhorais a mhíchumais nó a shoghluaisteachta laghdaithe, do dhuine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, a bhfuil áirithint nó ticéad ina sheilbh aige agus a bhfuil riachtanais Airteagal 11(2) comhlíonta aige, tabharfar rogha don duine sin agus d'aon duine a bheidh á thionlacan de bhun mhír 4 den Airteagal seo idir an ceart chun aisíocaíochta nó athróid dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I. An ceart chun rogha idir turas fillte agus athróid, beidh sé ann ar choinníoll go mbeidh na ceanglais sláinte agus sábháilteachta ar fad á gcomhlíonadh.

4. Faoi na coiníollacha céanna a leagtar amach i mír 1, féadfaidh iompróirí, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a éileamh go mbeadh duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe á thionlacan ag duine eile a bheadh in ann an cúnamh a chur ar fáil a theastódh ón duine atá faoi mhíchumas nó ón duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe. A mhéid a bhaineann le seirbhísí do phaisinéirí, déanfar an duine tionlacain sin a iompar saor in aisce.

5. Nuair a rachaidh iompróirí, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas i muinín fhorálacha mhír 1 nó mhír 4, cuirfidh siad an duine atá faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ar an eolas láithreach faoi na cúiseanna sonracha atá acu leis sin a dhéanamh. Tabharfar fógra faoi na cúiseanna sin don duine atá faoi mhíchumas nó don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, tráth nach déanaí ná cúig lá oibre tar éis an dáta ar cuireadh an duine sin ar an eolas. I gcás diúltaíthe i gcomhréir le mír 1(a), déanfar tagairt do na ceanglais sláinte agus sábháilteachta is infheidhme.

Airteagal 9

Inrochtaine agus faisnéis

1. I gcomhar le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus nó ar dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, déanfaidh iompróirí agus oibreoirí críochfoirt, trína n-eagraíochtaí i gcás inarb iomchuí, coiníollacha neamh-idirdhealaitheacha rochtana a bhunú maidir le hiompar daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a saorghluaisteacht laghdaithe, nó beidh na coiníollacha sin i bhfeidhm acu.

2. Na coiníollacha rochtana dá bhforáiltear i mír 1, cuirfidh na hiompróirí agus na hoibreoirí críochfoirt ar fáil go fisiciúil nó ar an Idirlíon iad sna teangacha arb iontu a dhéantar an fhaisnéis a chur ar fáil de ghnáth do na paisinéirí go léir.

3. Déanfaidh tionscnóirí turas na coinníollacha rochtana a chur ar fáil dá bhforáiltear i mír 1 agus atá infheidhme maidir le turais atá ar áireamh i dtaisteal láneagraithe, i saoire láneagraithe agus i dturais láneagraithe a eagraíonn siad, a dhíolann siad nó a thairgeann siad lena ndíol.

4. Áiritheoidh iompróirí, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha ar fad faoi na coinníollacha iompair, faoin turas agus faoi na coinníollacha rochtana, lena n-áirítear áirithintí agus faisnéis ar líne, a chur ar fáil i bhformáidí a bheidh iomchuí agus a bheidh inrochtana ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Airteagal 10

An ceart chun cúnamh i gcalafoirt agus ar bord long

Faoi réir na gcoinníollacha rochtana dá bhforáiltear in Airteagal 9(1), déanfaidh iompróirí agus oibreoirí calafoirt, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, cúnamh a chur ar fáil saor in aisce do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III, i gcalafoirt, lena n-áirítear tráth bordála agus díbhordála, agus ar bord long.

Airteagal 11

Coinníollacha ar fúthu a ndéanfar cúnamh a sholáthar

1. Laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, cuirfidh iompróirí agus oibreoirí críochfoirt cúnamh ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar a leagtar amach faoi Airteagal 10, faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go ndéanfar fógra a thabhairt don iompróir nó don oibreoir críochfoirt faoin ngá a bheidh ag an duine leis an gcúnamh sin, tráth nach déanaí ná dhá lá oibre sula mbeidh gá leis an gcúnamh, agus
- (b) go dtiocfaidh an duine atá faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar an láthair ag an gcalafoirt nó ag an ionad ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 12(3):

(i) tráth a shonróidh an t-iompróir i scríbhinn nach luaithe é ná 60 nóiméad roimh an tráth bordála a foilsíodh, nó

(ii) mura sonrófar tráth bordála ar bith, tráth nach déanaí ná 60 nóiméad roimh an tráth imeachta a foilsíodh.

2. I dteannta mhír 1, déanfaidh daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe fógra a thabhairt don iompróir, tráth a mbeidh an áirithint á déanamh nó tráth a mbeidh an ticéad á réamhcheannach, faoina riachtanais shonracha i dtaca le cóiríocht agus le suíocháin nó faoin ngá atá acu le trealamh leighis a thabhairt leo, ar an gcoinníoll gurb eol ag an am go bhfuil an riachtanas ann.

3. Maidir le fógra a thabharfar i gcomhréir le mír 1(a) agus le mír 2, féadfar é a thíolacadh i gcónaí don ghníomhaire taistil nó don tionscnóir turas ar uaidh a ceannaíodh an ticéad. I gcás ina gceadófar ilturais leis an ticéad, is leor fógra amháin ar choinníoll go ndéanfar faisnéis leordhóthanach a sholáthar faoi thráthchlár na dturas a dhéanfar ina dhiaidh sin.

4. Mura dtabharfar fógra ar bith i gcomhréir le mír 1(a) agus le mír 2, déanfaidh iompróirí agus oibreoirí críochfoirt gach iarracht réasúnach chun a áirithiú go gcuirfear an cúnamh ar fáil ar dhóigh go bhféadfaidh an duine atá faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe bordáil, díbhordáil agus taisteal ar an long.

5. I gcás ina mbeidh duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe á thionlacan ag madra aitheanta cúnamh, cuirfear cóiríocht ar fáil don mhadra sin in éineacht leis an duine sin, ar choinníoll go dtabharfar fógra don iompróir, don ghníomhaire taistil nó don tionscnóir turas i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le madraí aitheanta cúnamh a iompar ar bord long paisinéirí, i gcás inarb ann do rialacha den sórt sin.

Airteagal 12

Fógraí a fháil agus ainmniú na n-ionad coinní

1. Déanfaidh oibreoirí críochfoirt, gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas na bearta uile is gá d'fhonn glacadh na bhfógraí a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(a) agus 11(2) a éascú. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin ag na díolphointí ar fad atá acu, lena n-áirítear díolachán ar an teileafón agus ar an Idirlíon.

2. Má fhaigheann gníomhairí taistil nó tionscnóirí turas an fógra dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh siad, laistigh dá ngná-thuaireanta oifige, an fhaisnéis a sheachadadh chuig an iompróir nó chuig an oibreoir críochfoirt gan mhoill.

3. Déanfaidh iompróirí agus oibreoirí calafoirt pointe a ainmniú, laistigh de na críochfoirt calafoirt nó lasmuigh díobh, a bhféadfadh daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a fhógairt ann go bhfuil siad tagtha agus cúnamh a lorg. Beidh comharthaíocht shoiléir ann chuig an bpointe sin agus cuirfear faisnéis bhunúsach ar fáil leis, i bhformáidí inrochtana, faoin gcalafoirt agus faoin gcúnamh atá ar fáil ann.

Airteagal 13

Caighdeáin cháilíochta le haghaidh an chúnamh

1. Maidir leis na hiompróirí agus na hoibreoirí críochfoirt a mbeidh críochfoirt calafoirt nó seirbhísí do phaisinéirí á n-oibriú acu ar mhó san iomlán ná 100 000 gluaiseachtaí na bpaisinéirí tráchtála an bhliain féilire roimhe sin, déanfaidh siad, laistigh dá réimse inniúlachta faoi seach, caighdeáin cháilíochta a leagan síos don chúnamh a shonraítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad, i gcás inarb iomchuí trína gcuid eagraíochtaí, na riachtanais ó thaobh acmhainní a theastóidh chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh, a chinneadh i gcomhar le heagraíochtaí atá ionadaíoch ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

2. Maidir leis na coinníollacha cáilíochta dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh na hoibreoirí críochfoirt agus na hiompróirí iad a chur ar fáil go poiblí, go físiúil nó ar an Idirlíon i bhformáidí inrochtana agus sna teangacha arb iontu a chuirtear faisnéis ar fáil de ghnáth do na paisinéirí go léir.

*Airteagal 14***Oiliúint agus treoracha**

Gan dochar don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ná don Chód maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe ná do na rialacháin arna nglacadh faoi Choinbhinsiún Athchóirithe Loingseoireacht na Réine nó faoin gCoinbhinsiún maidir leis an gCóras Loingseoireachta ar an Danóib, déanfaidh iompróirí agus, i gcás inarb iomchuí, oibreoirí críochfoirt, nósanna imeachta oiliúna i leith míchumais, lena n-áirítear treoracha, a bhunú agus áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

- (a) maidir lena bpearsanra, lena n-áirítear an pearsanra atá fostaithe ag aon pháirtí feidhmiúil eile, a mbeidh cúnaimh díreach á sholáthar aige do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, go gcuirfear oiliúint orthu nó go dtabharfar treoir dóibh faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Cuid A agus Cuid B, agus
- (b) maidir lena bpearsanra atá freagrach ar dhóigh eile as ticéid a chur in áirithe agus a dhíol nó as bordáil agus díbhordáil, lena n-áirítear an pearsanra atá fostaithe ag aon pháirtí feidhmiúil eile, go gcuirfear oiliúint orthu nó go dtabharfar treoir dóibh faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Cuid A.

*Airteagal 15***Cúiteamh i ndáil le trealamh soghluaisteachta nó trealamh sonrach eile**

1. Beidh iompróirí agus oibreoirí críochfoirt faoi dhliteanas maidir le cailiteanas trealaimh shoghluasteachta nó trealaimh shonraigh eile atá in úsáid ag duine faoi mhíchumas nó ag duine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó maidir leis an damáiste a dhéanfar don trealamh sin, más ar an iompróir nó ar oibreoir an chríochfoirt a bhí an locht gur tharla an teagmhas as ar tháinig an cailiteanas nó más í faillí an iompróra nó faillí oibreoir an chríochfoirt ba chúis leis. Maidir le cailiteanas ar teagmhas loingseoireachta is cúis leis, toimhdeofar gur ar an iompróir atá an locht nó toimhdeofar gurb é an t-iompróir a rinne faillí.
2. Maidir leis an gcúiteamh dá dtagraítear i mír 1, beidh sé i gcomhréir le luach athsholáthair an trealaimh lena mbaineann, nó, i gcás inarb infheidhme, beidh sé i gcomhréir leis na costais a bhaineann leis an deisiúchán.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás tionóiscí⁽¹⁾.
4. Ina theannta sin, déanfar gach iarracht trealamh ionadach sealadach a chur ar fáil go tapa.

CAIBIDIL III

OIBLEAGÁIDÍ IOMPRÓIRÍ AGUS OIBREOIRÍ CALAFOIRT I GCÁS INA GCUIRFEAR ISTEACH AR THAISTEAL*Airteagal 16***Faisnéis i gcás imeachtaí a chur ar ceal nó moill a bheith orthu**

1. I gcás ina gcealófar imeacht seirbhíse do phaisinéirí nó turais d'uisce nó i gcás ina gcuirfear moill air, déanfaidh an t-

iompróir, nó an t-oibreoir calafoirt, i gcás inarb iomchuí, na paisinéirí a bheidh ag imeacht ó na críochfoirt calafoirt a chur ar an eolas faoin staid a luaithe is féidir, agus, ar chaoi ar bith, tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an am imeachta sceidealaithe, agus faoin am imeachta measta agus faoin am teachta measta a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil.

2. Má chailleann paisinéir nascsheirbhís iompair de bharr cealaithe nó de bharr moille, déanfaidh an t-iompróir agus, i gcás inarb iomchuí, an t-oibreoir críochfoirt, gach iarracht réasúnach na paisinéirí lena mbaineann a chur ar an eolas faoi naisc mhalartacha.

3. Áiritheoidh an t-iompróir nó, i gcás inarb iomchuí, an t-oibreoir críochfoirt, gur i bhformáidí inrochtana a gheobhaidh daoine atá faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi mhír 1 agus faoi mhír 2.

*Airteagal 17***Cúnaimh i gcás imeachtaí a cuireadh ar ceal nó atá moillithe**

1. I gcás ina mbeidh iompróir ag súil go réasúnach go mbeidh moill breis agus 120 nóiméad ón tráth imeachta sceidealaithe ar sheirbhís do phaisinéirí nó ar thuras d'uisce, déanfar sneaiceanna, béilí nó sóláistí a sholáthar saor in aisce do phaisinéirí, ar choinníoll go mbeidh fáil orthu, nó gur féidir go réasúnach iad a sholáthar, i gcoibhneas réasúnach leis an tréimhse a mbeidh na paisinéirí ag feitheamh.

2. I gcás ina ndéanfar imeacht a chur ar ceal nó i gcás moill a bheith ar an imeacht agus gur gá don phaisinéir oíche amháin nó níos mó a chaitheamh nó gur gá dó fanacht níos faide ná mar a bhí i gceist aige, agus i gcás ina mbeidh sé sin indéanta go fisiciúil agus nuair a bheidh sé sin indéanta go fisiciúil, tairgfídh an t-iompróir cóiríocht leordhóthanach saor in aisce ar bord loinge nó ar tír do phaisinéirí a bheidh ag imeacht ó chríochfoirt calafoirt agus déanfaidh sé iad a iompar chuig an gcríochfort calafoirt agus chuig an áit chóiríochta agus ó na háiteanna sin sa bhreis ar na sneaiceanna, na béilí nó na sóláistí dá bhforáiltear i mír 1. Féadfaidh an t-iompróir costas iomlán na cóiríochta ar tír a theorannú, do gach paisinéir, do EUR 120, gan an t-iompar go dtí an áit chóiríochta agus ar ais chuig an gcríochfort calafoirt a chur san áireamh.

3. Agus mír 1 agus mír 2 á gcur i bhfeidhm aige, tabharfaidh an t-iompróir aird ar leith ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus duine ar bith eile a bheidh á dtionlacan.

*Airteagal 18***Athrodú agus aisíocaíocht i gcás imeachtaí a cuireadh ar ceal nó atá moillithe**

1. I gcás ina mbeidh iompróir ag súil go réasúnach go gcuirfear seirbhís do phaisinéirí ar ceal nó go gcuirfear moill is faide ná 120 nóiméad ar an imeacht ó chríochfort calafoirt, tabharfar rogha láithreach don phaisinéir idir an méid seo a leanas:

- (a) athrodú chuig an gceann scríbe deiridh, faoi choinníollacha inchomparáide, mar atá sé leagtha amach sa chonradh iompair, a luaithe is féidir;

- (b) aisíocaíocht ar luach an ticéid agus, i gcás inarb ábhartha, seirbhís fillte saor in aisce chuig an gcéad phointe imeachta, mar a leagtar amach sa chonradh iompair é, a luaithe is féidir.

⁽¹⁾ IO L 131, 28.5.2009, lch. 24.

2. I gcás ina ndéanfar seirbhís do phaisinéirí a chur ar ceal nó i gcás ina mbeidh moill is mó ná 120 nóiméad uirthi imeacht ó chalafort, beidh an ceart ag paisinéirí athródu den chineál sin a bheith acu nó aisíocaíocht ar luach an ticéid a fháil ón iompróir.

3. Maidir leis an aisíocaíocht dá bhforáiltear i mír 1(b) agus i mír 2, déanfar í a íoc laistigh de sheacht lá, in airgead tirim, trí aistriú leictreonach bairc, trí ordú bairc nó trí sheic baincéara, ar chostas iomlán an ticéid ag an luach ar a ceannaíodh é, don chuid nó do na codanna den turas nár taistealaíodh, agus don chuid nó do na codanna a taistealaíodh cheana féin más rud é nach bhfuil cuspóir ar bith leis an turas a thuilleadh i leith phlean taistil bunaidh an phaisinéara.

Airteagal 19

Cúiteamh ar phraghas an ticéid i gcás moill a bheith ar an teacht

1. Gan a gceart chun iompair a chailliúint, féadfaidh paisinéirí cúiteamh a iarraidh ar an iompróir i gcás ina mbeidh moill orthu ag teacht go dtí an ceann scríbe mar a leagtar amach sa chonradh iompair é. Is é 25 % de phraghas an ticéid an t-íosleibhéal cúitimh íosta maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) moill uair amháin an chloig ar a laghad i gcás turais sceidealta nach faide ná ceithre huairé an chloig;
- (b) moill dhá uair an chloig ar a laghad i gcás turais sceidealta is faide ná ceithre huairé an chloig ach nach faide ná ocht n-uairé an chloig;
- (c) moill trí huairé an chloig ar a laghad i gcás turais sceidealta is faide ná ocht n-uairé an chloig ach nach faide ná 24 huairé an chloig; nó
- (d) moill sé huairé an chloig i gcás turais sceidealta is faide ná 24 huairé an chloig.

Má bhíonn an mhoill dhá oiread chomh fada agus an t-am a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (d), is 50 % de luach an ticéid a bheidh sa chúiteamh.

2. Maidir le paisinéirí a mbeidh pas taistil nó ticéad séasúir acu agus a gcuirfear moill arís is arís eile orthu le linn thréimhse bailíochta an phas nó an ticéid sin, féadfaidh siad cúiteamh a iarraidh i gcomhréir le socrúithe cúitimh an iompróra. Sonrófar, leis na socrúithe sin, na critéir chun an mhoill ar an teacht a chinneadh agus chun an cúiteamh a ríomh.

3. Ríomhfar an cúiteamh i gcoibhneas leis an bpraghas a d'íoc an paisinéir iarbhir as an tseirbhís do phaisinéirí ar cuireadh moill uirthi.

4. I gcás inar turas fillte a bheidh i gceist leis an iompar, ríomhfar an cúiteamh i leith moill a bheith ar an teacht don turas amach nó don turas ar ais i gcoibhneas le leath an phraghais a íocadh ar an iompar leis an tseirbhís sin do phaisinéirí.

5. Íocfar an cúiteamh laistigh de mhí ón dáta a ndéanfar an t-iaratas ar chúiteamh a chur isteach. Féadfar an cúiteamh a íoc i bhfoirm dearbhán agus/nó seirbhísí eile ar choinníoll go mbeidh na téarmaí solúbtha, go háirithe maidir leis an thréimhse bailíochta agus maidir leis an gceann scríbe. Íocfar an cúiteamh in airgead arna iarraidh sin don phaisinéir.

6. Ní laghdófar cúiteamh ar phraghas an ticéid le costais a bhaineann le hidirbhearta airgeadais, amhail táillí, costais teileafóin ná stampaí. Féadfaidh iompróirí íostairseach a thabhairt isteach nach n-íocfar íocaíochtaí cúitimh faoina bhun. Ní rachaidh an tairseach sin thar EUR 10.

Airteagal 20

Díolúintí

1. Seachas i gcás paisinéirí a mbeidh pas taistil nó ticéad séasúir acu, ní bheidh feidhm ag Airteagal 17, ag Airteagal 18 ná ag Airteagal 19 maidir le paisinéirí a mbeidh ticéid oscailte acu ar choinníoll nach mbeidh am an imeachta sonraithe ann.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 17 ná ag Airteagal 19 má chuirtear an paisinéir ar an eolas maidir leis an gcealú nó maidir leis an moill sula gceannaítear an ticéid nó más ar an bpaisinéir atá an locht gur tharla an cealú nó go raibh moill i gceist.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 17(2) nuair is aimsir a chuirfeadh oibriú sábháilte na loinge i mbaol is cúis leis an gcealú nó leis an moill.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 19 i gcás inarb é is cúis leis an gcealú nó leis an moill aimsir a chuirfeadh oibriú sábháilte na loinge i mbaol nó cúisí eisceachtúla eile a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú na seirbhíse do phaisinéirí, agus nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnach chuige sin.

Airteagal 21

Éilimh bhreise

Ní chuirfear cosc, le haon ní sa Rialachán seo, ar phaisinéirí damáistí a éileamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i leith cailleanais a eascróidh as seirbhísí iompair a chur ar ceall nó moill a bheith orthu, os comhair na gcúirteanna náisiúnta, lena n-áirítear faoi Threoir 90/314/CEE.

CAIBIDIL IV

RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE FAISNÉIS AGUS GEARÁIN

Airteagal 22

Ceart chun faisnéise i leith taistil

Déanfaidh iompróirí agus oibreoirí críochfort, laistigh dá réimsí inniúlachta féin faoi seach, faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil do na paisinéirí le linn dóibh a bheith ag taisteal, i bhformáid inrochtana agus sna teangacha arb iontu a chuirtear faisnéis ar fáil de ghnáth do na paisinéirí go léir. Tabharfar aird ar leith ar na riachtanais atá ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteach laghdaithe.

*Airteagal 23***Faisnéis faoi chearta na bpaisinéirí**

1. Áiritheoidh iompróirí agus oibreoirí críochfort, laistigh dá réimsí inniúlachta féin faoi seach, go mbeidh faisnéis faoi chearta na bpaisinéirí faoin Rialachán seo ar fáil go poiblí ar bord long agus i gcríochfoirt. Soláthrófar an fhaisnéis i bhformáid inrochtana agus sna teangacha arb iontu a chuirtear faisnéis ar fáil de ghnáth do na paisinéirí go léir. Agus an fhaisnéis seo á cur ar fáil, tabharfar aird ar leith ar na riachtanais atá ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

2. Chun an ceanglas maidir le faisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, féadfaidh iompróirí agus oibreoirí críochfort úsáid a bhaint as achoimre ar fhorálacha an Rialacháin seo arna hullmhú ag an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an Aontais Eorpaigh agus a chuirfear ar fáil dóibh.

3. Cuirfidh iompróirí agus oibreoirí críochfort paisinéirí ar an eolas, ar bhealach iomchuí, ar bord long agus i gcríochfoirt, maidir le sonraí teagmhála an chomhlachta fhorfheidhmithe arna ainmniú ag an mBallstát de bhun Airteagal 25(1).

*Airteagal 24***Gearáin**

1. Beidh sásra ag iompróirí chun gearáin a láimhseáil i gcomhair na gceart agus na n-obleagáidí a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó déanfaidh siad sásra den sórt sin a bhunú.

2. Más mian le paisinéir a chumhdaítear faoin Rialachán seo gearán a dhéanamh leis an iompróir, tíolacfaidh sé isteach é laistigh de dhá mhí ón dáta ar feidhmíodh an tseirbhís nó ón dáta a raibh sé ceaptha an tseirbhís a fheidhmiú. Laistigh de mhí ón dáta a bhfaighidh an t-iompróir gearán, tabharfaidh sé fógra don phaisinéir gur cuireadh bunús lena ghearán, gur diúltóidh an gearán nó go bhfuil sé fós á bhreithniú. Tabharfar an freagra deiridh maidir leis an ngearán laistigh de thréimhse nach faide ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas é.

CAIBIDIL V

FORFHEIDHMIÚ AGUS COMHLACHTAÍ NÁISIÚNTA FORFHEIDHMITHE*Airteagal 25***Comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe**

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht nó comhlachtaí nua nó comhlacht nó comhlachtaí a bhí ann cheana féin mar chomhlacht nó comhlachtaí a bheidh freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le seirbhísí do phaisinéirí agus le turais d'uisce as calafoirt atá suite ina gcríoch agus maidir le seirbhísí do phaisinéirí ó thríú tíortha chuig na calafoirt sin. Déanfaidh gach comhlacht na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo.

Beidh gach comhlacht neamhspleách ar iompróirí, ar thionscnóirí turas agus ar oibreoirí críochfort, ó thaobh eagrúcháin de, ó thaobh cinntí i leith maoinithe, ó thaobh a struchtúir dhlíthiúil agus ó thaobh cinnteoireachta de.

2. Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas maidir leis an gcomhlacht nó na comhlachtaí a ainmneofar i gcomhréir leis an Airteagal seo.

3. Féadfaidh paisinéir ar bith gearán a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leis an gcomhlacht inniúil arna ainmniú faoi mhír 1, nó le comhlacht inniúil ar bith eile a ainmneoidh Ballstát, maidir le haon sárú líomhnaithe ar an Rialachán seo.

Féadfaidh Ballstát an méid seo a leanas a chinneadh:

- go bhféadfaidh paisinéir, mar chéim tosaigh, an gearán a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur faoi bhráid an iompróra; agus/nó
- go ngníomhóidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe nó aon chomhlacht inniúil eile a ainmneoidh an Ballstát mar chomhlacht achomhairc i gcás gearán nár réitíodh faoi Airteagal 24.

4. Na Ballstáit a roghnóidh seirbhísí áirithe a eisiáimh de bhun Airteagal 2(4), áiritheoidh siad go mbeidh sásra inchomparáide ann chun cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú.

*Airteagal 26***Tuarascáil ar fhorfheidhmiú**

An 1 Meitheamh (*), agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, foilseoidh na comhlachtaí forfheidhmithe a ainmneofar de bhun Airteagal 25 tuarascáil maidir lena ndearna siad sa dá bhliain féilire roimhe sin, ar tuarascáil í ina mbeidh, go háirithe, cur síos ar na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích chun forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme, mionsonraí na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm agus staidreamh maidir leis na gearáin agus maidir leis na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm.

*Airteagal 27***Comhoibriú idir comhlachtaí forfheidhmithe**

Déanfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 26 (1) faisnéis a mhalartú, aon uair is iomchuí, faoina gcuid oibre agus faoina bprionsabail cinnteoireachta agus faoina gcleachtas cinnteoireachta. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht dóibh sa chúram seo.

*Airteagal 28***Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforálar éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus faoi na bearta sin tráth nach déanaí ná ... (**), agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

(*) Cuir isteach, le do thoil, an dáta is ionann agus dhá bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo

(**) Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 29

Tuarascáil

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar oibriú agus ar iarmhairtí an Rialacháin seo a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin ... (*). Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inar gá, chun forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme ar shlí is mionsonraithe, nó chun an Rialachán a leasú.

Airteagal 30

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh ...,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa,
An tUachtarán*

...

‘19. Rialachán (AE) Uimh. ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le cearta paisinéirí a bheidh ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí (*).

(*) IO ...’

Airteagal 31

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón ... (**)

*Thar ceann na Comhairle,
An tUachtarán*

...

(*) Trí bliana tar éis dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(**) 36 mhí tar éis dáta foilsíocháin an Rialacháin seo.

IARSCRÍBHINN I

Ceart chun aisíocaíochta nó athróid do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe dá dtagraítear in Airteagal 8

1. I gcás ina ndéanfar tagairt don Iarscríbhinn seo, déanfar rogha a thairiscint do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe idir an méid seo a leanas:
 - (a) — aisíocaíocht laistigh de sheacht lá, a íocfar in airgead tirim, trí aistriú leictreonach bainc, trí orduithe bainc nó trí sheiceanna bainc, ar chostas iomlán an ticéid ag an bpraghas a íocadh air, don chuid nó do na codanna den turas nár taistealaíodh, agus don chuid nó do na codanna a taistealaíodh cheana féin más rud é nach bhfuil cuspóir ar bith leis an turas a thuilleadh i leith phlean taistil bunaidh an phaisinéara, móide, i gcás inarb ábhartha,
 - seirbhís fillte chuig an gcéad phointe imeachta, a luaithe is féidir; nó
 - (b) athróid chuig an gceann scríbe deiridh mar atá leagtha amach sa chonradh iompair, faoi choinníollacha inchomparáide, a luaithe agus is féidir; nó
 - (c) athróid chuig an gceann scríbe deiridh mar atá leagtha amach sa chonradh iompair, faoi choinníollacha inchomparáide, ar dháta is déanaí ar chaoithiúlacht an phaisinéara, faoi réir ticéid a bheith ar fáil.
 2. Beidh feidhm ag mír 1(a) freisin maidir le paisinéirí ar cuid de phacáiste iad a dturais, ach amháin i dtaca leis an gceart aisíocaíochta i gcás ina dtiocfaidh ceart den sórt sin chun cinn faoi Threoir 90/314/CEE.
 3. Más rud é, i gcás ina ndéanfar freastal ar bhaile, ar chathair nó ar réigiún trí roinnt calafort éagsúil, go ndéanann iompróir turas a thairiscint do phaisinéirí chuig calafort nach é an calafort lena mbaineann an áirithint é, is ar an iompróir a bheidh an costas chun an paisinéir a aistriú ón gcalafort malartach sin chuig an gcalafort lena mbaineann an áirithint, nó chuig ceann scríbe eile in aice láimhe le comhaontú an phaisinéara.
-

IARSCRÍBHINN II

Cúnamh i gcalafoirt, lena n-áirítear bordáil agus díbhordáil, dá dtagraítear in Airteagal 10 agus in Airteagal 13

1. Cúnamh agus socruithe is gá le cur ar chumas daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe:
 - a chur in iúl gur bhain siad críochfort calafoirt amach agus iarraidh ar chúnamh a dhéanamh,
 - dul ó ionad iontrála chuig an gcuntar cláraithe, más ann dó, nó chuig an long,
 - seiceáil isteach agus bagáiste a chlárú, más gá,
 - dul ón gcuntar cláraithe, más ann dó, chuig an long, trí na hionaid eisimirce agus trí na hionaid slándála,
 - an long a bhordáil, agus ardaitheoirí, cathaoireacha rothaí nó cúnamh eile atá ag teastáil á soláthar, de réir mar is iomchuí,
 - dul ó dhoras na loinge chuig a suíocháin nó chuig a limistéar,
 - bagáiste a stóráil agus a fháil ar ais ar an long,
 - dul óna suíocháin chuig doras na loinge,
 - an long a dhíbhordáil, agus ardaitheoirí, cathaoireacha rothaí nó cúnamh eile atá ag teastáil á soláthar, de réir mar is iomchuí,
 - bagáiste a fháil ar ais, más gá, agus dul trí na hionaid inimirce agus trí na hionaid chustaim,
 - dul ó halla an bhagáiste nó ón ionad díbhordála chuig ionad ainmnithe chun dul amach,
 - a mbealach a dhéanamh chuig áiseanna leithris (más ann dóibh) má theastaíonn sé sin.
2. I gcás ina mbeidh duine tionlacain leis an duine atá faoi mhíchumas nó leis an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, chun cúnamh a thabhairt dó, caithfear ligean don duine sin, arna iarraidh sin, an cúnamh is gá a sholáthar sa chalafoirt agus le linn bordála agus díbhordála.
3. An trealamh gluaiseachta ar fad is gá a láimhseáil, lena n-áirítear trealamh amháil cathaoireacha rothaí leictreacha.
4. Trealamh eile a chur, go sealadach, in ionad trealaimh ghluaiseachta a ndearnadh damáiste dó nó a chuaigh amú, cé nach gá i gcónaí go mbeadh an trealamh ionadach díreach mar an gcéanna.
5. Madraí cúnata aitheanta a láimhseáil ar an talamh, nuair is ábhartha.
6. Faisnéis a theastaíonn i gcomhair bordála agus díbhordála a chur in iúl i bhformáidí inrochtana.

*IARSCRÍBHINN III***Cúnamh ar bord long dá dtagraítear in Airteagal 10 agus in Airteagal 13**

1. Madraí aitheanta cúnta a iompar ar bord na loinge, faoi réir rialachán náisiúnta.
 2. Trealamh leighis agus an trealamh soghluaisteachta atá riachtanach don duine faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí leictreacha, a iompar.
 3. Faisnéis riachtanach a bhaineann le bealach a chur in iúl i bhformáidí inrochtana.
 4. Gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun suíocháin a shocrú chun riachtanais daoine atá faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe a chomhlíonadh arna iarraidh sin agus faoi réir ceanglas sábháilteachta agus infhaighteachta.
 5. Cúnamh chun gluaiseacht chuig áiseanna leithris (más ann dóibh), má theastaíonn sin.
 6. I gcás ina mbeidh duine tionlacain leis an duine atá faoi mhíchumas nó leis an duine a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe, chun cúnamh a thabhairt dó, déanfaidh an t-iompróir gach iarracht réasúnach chun suíochán nó cábán a thabhairt don duine sin in aice leis an duine atá faoi mhíchumas nó in aice leis an duine a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe.
-

IARSCRÍBHINN IV

Oiliúint, lena n-áirítear treoracha, a bhaineann le míchumas, agus dá dtagraítear in Airteagal 14**A. Oiliúint, lena n-áirítear treoracha, maidir le feasacht ar an míchumas**

Áirítear na nithe seo a leanas ar oiliúint, lena n-áirítear treoracha, maidir le feasacht ar an míchumas:

- feasacht agus freagairtí iomchuí ar phaisinéirí a bhfuil míchumas coirp, míchumas céadfach (éisteachta agus amhairc), míchumas folaithe nó míchumas foghlama ag dul dóibh, lena n-áirítear conas idirdhealú a dhéanamh idir chumais éagsúla na ndaoine a bhféadfadh a soghluaisteacht, a dtreoshuíomh nó a gcumarsáid a bheith laghdaithe;
- na bacainní ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear bacainní dearcaidh, timpeallachta/fisiciúla agus eagraíochtúla;
- madraí aitheanta cúnta, lena n-áirítear an ról agus na riachtanais atá ag madra cúnta;
- déileáil le teagmhais gan choinne;
- scileanna idirphearsanta agus modhanna le cumarsáid a dhéanamh le daoine lagéisteachta, daoine lagamhairc, daoine a bhfuil urlabhra lagaithe acu agus daoine a bhfuil míchumas foghlama ag dul dóibh;
- feasacht ghinearálta ar threoirlínte IMO a bhaineann leis an Moladh maidir le Dearadh agus Oibriú long paisinéirí ar mhaithe le freagairt do riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.

B. Oiliúint, lena n-áirítear treoracha, maidir le cúnamh míchumais

Áirítear na nithe seo a leanas ar oiliúint, lena n-áirítear treoracha, maidir le cúnamh míchumais:

- conas cabhrú le húsáideoirí cathaoireacha rothaí aistriú isteach agus amach as cathaoir rothaí;
- scileanna chun cúnamh a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag taisteal le madra aitheanta cúnta, lena n-áirítear ról agus riachtanais na madraí sin;
- teicnící chun paisinéirí lagamhairc a thionlacan agus chun madraí aitheanta cúnta a láimhseáil agus a iompar;
- tuiscint ar na cineálacha trealamh atá in ann cúnamh a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus eolas ar an gcaoi le trealamh mar sin a láimhseáil go cúramach;
- úsáid a bhaint as an trealamh cúnta bordála agus díbhordála a úsáidtear agus eolas ar na nósanna imeachta iomchuí do chúnamh bordála agus díbhordála a dhéanann sábháilteacht agus dínit na ndaoine faoi mhíchumas agus na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a choimirciú;
- tuiscint ar an ngá atá le cúnamh iontaofa gairmiúil. A bheith feasach freisin go bhféadfadh daoine áirithe atá faoi mhíchumas agus daoine áirithe a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith soghonta le linn dóibh a bheith ag taisteal toisc iad a bheith ag brath ar an gcúnamh a chuirtear ar fáil;
- eolas ar an ngarchabhair.

RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

I. RÉAMHRÁ

An 4 Nollaig 2008 thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir údarais náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. ⁽¹⁾

An 23 Aibreán 2009, vótáil Parlaimint na hEorpa maidir lena tuairim ar an gcéad léamh. ⁽²⁾

An 9 Deireadh Fómhair 2009, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an dréacht-Rialachán. Tar éis don athbhreithniú dlíthiúil agus teangeolaíoch a bheith déanta, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 11 Márta 2010 i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach atá leagtha síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Agus a cuid oibre á cur i gcrích aici, chuir an Chomhairle tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa san áireamh. Níor theastaigh ó Choiste na Réigiún aon tuairim a thabhairt uaidh.

II. ANAILÍS AR AN SEASAMH AR AN gCÉAD LÉAMH

1. Ginearálta

Cuid de chuspóir ginearálta an AE cearta paisinéirí a threisiú, go háirithe cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, is ea an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre. Tá reachtaíocht den chineál céanna glactha cheana féin i dtaca le paisinéirí agus iad ag taisteal d'aer ⁽³⁾ nó d'iarnród. ⁽⁴⁾ Tá forálacha sa togra maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach agus maidir le cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus, chomh maith leis sin tá forálacha ann maidir leis an gceart atá ag gach catagóir de phaisinéirí ó thaobh cúnamh agus faisnéis a fháil, agus cúiteamh freisin, b'fhéidir, i gcás moille nó cealaithe.

Cé go n-aontaíonn an Chomhairle leis an gCoimisiún maidir le cuspóir an togra, tá oiriúnuithe móra ar an mbuntogra i gceist le cur chuige na Comhairle. Níorbh inghlachta roinnt de na forálacha a bhí á mbeartú toisc go mbeadh ualach róthrom riaracháin i gceist leo agus costais dá bharr ar na hiompróirí agus ar lucht riaracháin náisiúnta, gan aon bhreisluach a bheith á thabhairt do phaisinéirí lena gcúiteofaí na míbhuntáistí sin. Chomh maith leis sin, rinneadh athdhréachtú ar roinnt forálacha eile chun an Rialachán a shimpliú agus a shoiléiriú.

Mar thoradh ar an gcur chuige sin, le seasamh seo na Comhairle ar an gcéad léamh, athdhréachtaítear an buntogra ón gCoimisiún agus scriostar roinnt forálacha de, rud a fhágann go ndéantar é a mhodhnú go fairsing. Ciallaíonn sé seo nár ghlac an Chomhairle le haon cheann de na leasuithe a cuireadh isteach le tuairim chéad léamh Parlaimint na hEorpa maidir leis na forálacha a scriosadh leis an gComhsheasamh.

2. Príomh-shaincheisteanna beartais

i) Raon feidhme

Raon feidhme geografach

Ba é a mhol an Coimisiún gur cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán maidir le seirbhísí paisinéireachta agus maidir le turais mhara idir calafoirt sna Ballstáit nó ag calafoirt i mBallstáit.

⁽¹⁾ 11990/08.

⁽²⁾ A6-0209/2009.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear dóibh bordáil agus sa chás ina gcuirtear eitilt ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, IO L 46, 17.2.2004, lch.1, agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer, IO L 204, 26.7.2006, lch. 1.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid, IO L 315, 3.12.2007, lch. 14.

Measann an Chomhairle go bhfuil gá leis an togra ón gCoimisiún a shoiléiriú ó thaobh an phointe sin de, ionas nach ndéanfar saobhadh ar an iomaíocht idir seirbhísí paisinéireachta laistigh den AE agus seirbhísí paisinéireachta lasmuigh den AE. Le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, dá bhrí sin, déantar na forálacha thuas a mhionchoigeartú. Déantar idirdhealú ann, ar láimh amháin, idir seirbhísí paisinéireachta ina bhfuil an calafort bordála lonnaithe i gcríoch Ballstáit, agus, ar an láimh eile, seirbhísí paisinéireachta ina bhfuil an calafort bordála lonnaithe lasmuigh de chríoch Ballstáit ach ina bhfuil an calafort díbhordála lonnaithe laistigh de chríoch Ballstáit. Sa dara cás thuas, ní bheidh feidhm ag an Rialachán ach amháin sa chás gur iompróir de chuid an Aontais atá ag oibriú na seirbhíse. Ba cheart áfach an sainmhíniú ar iompróir de chuid an Aontais a thuiscint ar bhealach chomh leathan agus is féidir chun go gcumhdófaí bunáite na seirbhísí paisinéireachta idir calafoirt san AE agus calafoirt lasmuigh de. Maidir le turais d'uisce, ní bheidh feidhm ag an Rialachán ach amháin maidir le turais d'uisce ina bhfuil an calafort bordála lonnaithe i gcríoch Ballstáit.

Ina theannta sin, chuir an Chomhairle isteach sainmhíniú ar 'críoch Ballstáit'

Díolúintí ón raon feidhme

Le buntogra an Choimisiúin, cumhdaíodh i bprionsabail gach seirbhís paisinéireachta, beag beann ar líon na bpaisinéirí a iompraítear, fad an turais, cuspóir an aistir, srl. Ní raibh i gceist ag an gCoimisiún go bhféadfadh na Ballstáit aon seirbhísí a dhíolúnú ach amháin seirbhísí a chumhdaítear le conarthaí seirbhíse poiblí.

Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach na forálacha sin a dhírú ar a bhfuil indéanta go praiticiúil agus ar a bhfuil riachtanach. Dá bhrí sin, chuir sí isteach roinnt áirithe díolúintí nach mbeidh feidhm ag forálacha an Rialacháin maidir leo. Aontaíonn an Chomhairle go n-eisiafar ón raon feidhme paisinéirí a bheidh ag taisteal ar longa atá ceadaithe chun suas le 36 paisinéir a iompar, paisinéirí ar longa a bhfuil criú acu nach mó ná triúr é nó a bhfuil seirbhís iomlán paisinéireachta á cur ar fáil acu nach faide í ná 500 méadar aontreo. Eisiaítear saorthurais agus turais fámaireachta (seachas turais d'uisce) freisin.

Chomh maith leis sin, féadfaidh na Ballstáit díolúine a thabhairt do longa mara a bhfuil ollmheáchan ar lú é ná 300 tonna acu agus a oibrítear san iompar baile, díolúine a mhairfidh ar feadh tréimhse dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Má roghnaíonn Ballstát é sin a dhéanamh áfach, ní foláir go mbeadh cearta na bpaisinéirí á n-áiritiú go leordhóthanach faoin dlí náisiúnta. Féadfaidh Ballstáit díolúine a thabhairt freisin do sheirbhísí paisinéireachta a chumhdaítear le hoibleagáidí seirbhíse poiblí, le conarthaí seirbhíse poiblí nó le seirbhísí comhtháite, ar an gcoinníoll go bhfuil cearta na bpaisinéirí á ráthú ar bhealach leordhóthanach faoin dlí náisiúnta.

Lean Parlaimint na hEorpa cur chuige an Choimisiúin i bprionsabal, ach chuir sí isteach go bhféadfadh na Ballstáit seirbhísí uirbeacha agus fo-uirbeacha a dhíolúnú (leasú 10). Níor chuir an Chomhairle an leasú sin san áireamh, ach de bharr na ndíolúintí ón raon feidhme a mhol an Chomhairle beidh go leor seirbhísí den chineál sin á n-eisiamh.

ii) Cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteach laghdaithe

Tacaíonn an Chomhairle go huile is go hiomlán leis an gculpóir atá ag an gCoimisiún a áiritiú go mbeidh rochtain neamh-idirdhealaitheach ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteach laghdaithe ar iompar muirí agus ar iompar d'uiscebhealaí intíre. Cloíonn an Chomhairle go dlúth le togra an Choimisiúin mar sin, ach amháin go ndearna sí é a shimpliú agus a shoiléiriú in áiteanna áirithe.

Maidir leis na heisceachtaí don cheart chun iompair, ba é a bheartaigh an Coimisiún go bhféadfaí a dhiúltú duine faoi mhíchumas a iompar ar bhonn na gceanglas sábháilteachta nó ar bhonn struchtúr na loinge. Tá ceanglais maidir le sláinte curtha leis an méid sin ag an gComhairle, ionas go n-áireofar cásanna inarb amhlaidh nach féidir iompar sábháilte an phaisinéara a ráthú de bharr a riocht sláinte.

Ba é a mhol Parlaimint na hEorpa go scriosfaí aon tagairtí do cheanglais sábháilteachta a bhí ann (leasuithe 1, 26 agus 29) agus go gcuirfí isteach tagairt d'iompar ar mhodh a bheadh sábháilte, díniteach agus indéanta ó thaobh oibríochta de (leasú 27). Rinne an Chomhairle an leasú sin a chomhtháthú isteach ina seasamh ar an gcéad léamh, ach amháin an focal 'díniteach'. Measann an Chomhairle nach féidir le duine ar bith, seachas an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a soghluaisteach laghdaithe, a chinneadh cad is modh díniteach ann agus nár cheart don iompróir an cinneadh sin a dhéanamh.

De réir an bhuntogra, d'fhéadfadh an t-iompróir iallach a chur ar dhuine atá faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe go mbeadh sé á thionlacan ag duine atá in ann cúnaimh a sholáthar. De réir sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, má dhéanann an t-iompróir iarratas mar sin maidir le seirbhís paisinéireachta, iomprófar an cúntóir sin gan táille.

Maidir leis an gcúnaimh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, soláthrófar an cúnaimh sin ar an gcoinníoll go gcuirfidh an duine lena mbaineann fógra chuig an iompróir nó chuig oibritheoir an chríochfoirt ar a dhéanaí dhá lá oibre roimh ré (ba é 48 uair an chloig roimh ré a bhí molta ag an gCoimisiún) agus ar an gcoinníoll go mbeidh an duine sin i láthair ag an gcalafort nó ag pointe sainithe, 60 nóiméad ar a laghad roimh an am bordála nó imeachta. Chomh maith leis sin, má tá riachtanais shonracha ag an duine maidir le cóiríocht nó suíochán, nó más gá trealamh liachta a thógáil leis, ba cheart don phaisinéir fógra a thabhairt don iompróir faoi na riachtanais sin tráth a mbeidh an áirithint á déanamh, má táthar ar an eolas faoi na riachtanais ag an am sin. Leis an gceanglas breise seo atá á chur isteach ag an gComhairle, ligfear don iompróir freastal ar na sainriachtanais sin agus an tseirbhís is fearr a thabhairt don duine lena mbaineann.

Bhain roinnt de leasuithe Pharlaimint na hEorpa le faisnéis a bheith i bhformáid a bheadh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a saorghluaiseacht laghdaithe. Ghlac an Chomhairle leis na leasuithe sin. Ghlac sí, chomh maith, le leasuithe na Parlaiminte maidir leis an athrú ó 'ainmhí cúnaimh' go 'madra cúnaimh'.

iii) *Oibleagáidí na n-iompróirí agus na n-oibritheoirí críochfoirt i gcásanna ina gcuirtear isteach ar an taisteal.*

Foráladh leis an togra ón gCoimisiún don cheart chun faisnéise, chun cúnaimh (lena n-áirítear béilte, soláistí agus b'fhéidir, cóiríocht óstáin), chun atreoraithe agus chun aisiocaíochta, chomh maith leis an gceart atá ag gach paisinéir cúiteamh a fháil ar phraghas an ticéid i gcás moille, agus, i gcásanna áirithe, i gcás cealú na seirbhíse paisinéireachta nó an turais d'uisce. Ní íocfaí cúiteamh ar phraghas an ticéid, áfach, sa chás inarb é ba chúis leis an moill nó an cealú cúinsí eisceachtúla a chuirfeadh bac ar fheidhmiú na seirbhíse iompair.

Aontaíonn an Chomhairle leis an bprionsabal gur cheart d'iompróirí agus d'oibritheoirí críochfoirt aire a thabhairt dá bpaisinéirí, agus tá leathnú déanta aici ar an bprionsabal sin le go n-áireofar leis gach cás de chealú. Mar sin féin, i gcásanna áirithe ní bheadh sé indéanta ná réasúnta go mbeifí ag súil go gcuirfí faisnéis ar fáil maidir le moill, i gcalafort nach mbeadh aon fhoireann ann, mar shampla. Le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, tugtar isteach, mar sin, coincheap na gcríochfort calafoirt, i.e. críochfoirt fhoireannaithe atá lonnaithe i gcalafort a bhfuil saoráidí áirithe agus foireann ann (seiceáil isteach, cuntair ticéad nó toglanna.) Oibleagáidí áirithe de chuid iompróirí agus oibreoirí críochfoirt, níl feidhm acu ach amháin maidir le paisinéirí atá ag imeacht ó na críochfoirt sin. Tá sé sin amhlaidh i gcás na faisnéise agus an chúnaimh, agus, go pointe áirithe, i gcás an atreoraithe agus na haisíocaíochta.

Gné eile atá mar bhonn do sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh is ea an tslándáil mhuirí. D'fhonn cásanna a sheachaint ina gcuirfeadh iompróirí chun farraige nó ina dtaistealóidís ar arduas, ar chúiseanna eacnamaíocha, in aimsir a chuirfeadh oibriú sábháilte na loinge i mbaol, tugadh isteach díolúine ón oibleagáid atá ann cóiríocht nó chúiteamh ar phraghas an ticéid a sholáthar i gcásanna mar sin. Ina theannta sin, mínítear le dhá aithris coincheap na drochaimsire agus coincheap na gcúinsí eisceachtúla, ar bhealach neamhchuimsitheach. Tugadh isteach a thuilleadh díolúintí maidir leis an gceart chun cúnaimh agus cúitimh sa chás ina gcuirtear an paisinéir ar an eolas faoin gcealú nó faoin moill roimh dó an ticéad a cheannach nó sa chás gurb é an paisinéir is cúis leis an gcealú nó leis an moill. Ar deireadh, tugadh cead don iompróir teorainn 120 euro a chur ar an gcostas cóiríochta agus íostairseach a thabhairt isteach nach n-íocfar íocaíochtaí cúitimh faoina bhun (ticéid ar luach 10 euro nó níos lú ná sin.)

Mhol Parlaimint na hEorpa go mbeadh díolúintí ann i gcás force majeure (leasuithe 23 agus 60) nó i gcás ina bhfógrófaí an cealú nó an mhoill roimh ré (leasú 59). Ghlac an Chomhairle le héirim na leasuithe sin. Chomh maith leis sin, bhí sé beartaithe ag an bParlaimint go dteorannófaí costas na cóiríochta chuig dhá oiread phraghas an ticéid (leasú 53). Measann an Chomhairle go bhfuil sé sin ró-neamhfhabhrach do phaisinéirí agus d'iompróirí i gcásanna áirithe agus meastar go bhfuil an teorannú chuig 120 euro níos réasúnaí do phaisinéirí agus d'iompróirí araon.

iv) *Gearáin a láimhseáil agus comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe*

Bhí rialacha mionsonraithe i dtogra an Choimisiúin maidir leis an gcaoi ar chóir d'iompróirí gearáin a láimhseáil, go háirithe na hiarmhairtí forleathana dlíthiúla a bheadh ann i gcás nach dtabharfaí freagra ar ghearáin, agus maidir le hainmniú agus freagrachtaí na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe.

Cé go n-aontaíonn an Chomhairle i bprionsabal leis an togra, agus go háirithe gur cheart d'iompróirí freagra a thabhairt i gcás gearán óna gcuid custaiméirí, cuireann sí tuilleadh solúbthachta isteach sa chóras d'fhonn iarmhairtí gan coinne a sheachaint do chórais dlí nó do struchtúir riaracháin na mBallstát.

Mhol Parlaimint na hEorpa nár cheart do gach Ballstát ach comhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin a ainmniú (leasuithe 5, 6, 66, 67 agus 68) agus gur cheart do na Ballstáit, seachas na hiompróirí, meicníocht neamhspleách a bhunú do láimhseáil ghearán (leasú 65). Ar mhaithe leis an tsolúbthacht mar atá mínithe thuas, ní mheasann an Chomhairle, áfach, go mbeadh sé iomchuí an spás ionramhála atá ag na Ballstáit a theorannú ar an mbealach sin. Chomh maith leis sin, bheartaigh an Pharlaimint gur cheart do na comhlachtaí forfheidhmithe a bheith neamhspleách ar gach leas tráchtála (leasú 66). Sonraítear i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh gur cheart do na comhlachtaí sin a bheith neamhspleách ar iompróirí, ar thionscnóirí turas agus ar oibreoirí calafort.

v) *An dáta a chuirfear an Rialachán i bhfeidhm*

Ba é a mhol an Coimisiún go dtiocfadh an Rialachán ina iomláine i bhfeidhm dhá bhliain tar éis dó a bheith foilsithe, cé gur cheart d'fhorálacha áirithe a bheith i bhfeidhm bliain amháin tar éis dó a bheith foilsithe.

Foráiltear le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh go dtiocfaidh an Rialachán ina iomláine i bhfeidhm trí bliana tar éis dó a bheith foilsithe.

3. **Saincheisteanna beartais eile**

Chinn an Chomhairle teideal an Rialacháin a shimpliú.

Chinn an Chomhairle go soiléireodh sí na forálacha maidir le fochonraitheoireacht oibleagáidí áirithe a eascraíonn as an Rialachán, trí airteagal ginearálta a chur isteach maidir le páirtithe feidhmiúla eile.

Chinn an Chomhairle go scríosfaí an ceanglas atá ar iompróirí cuntais ar leith a choimeád don chostas a bhaineann le cúnaimh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus don chostas do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ionas go seachnófaí ualaigh riaracháin neamhriachtanacha, go háirithe le haghaidh cuideachtaí iompair beaga. Den mheanma chéanna, chinn an Chomhairle go dteorannófaí na hoibleagáidí caighdeán cáilíochta a leagan síos don chúnaimh sin chuig na hoibreoirí críochfoirt móra agus chuig na cuideachtaí iompair móra amháin, agus nach mbainfeadh na ceanglais maidir le hoiliúint i leith an mhíchumais agus maidir le treoracha ach amháin leis na catagóirí foirne sin dá bhfuil siad riachtanach.

4. **Leasuithe eile de chuid Parlaimint na hEorpa**

Leasuithe eile nach n-áirítear i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, baineann siad leis an méid seo a leanas:

- go gcuirfí san áireamh i gcónaí riachtanais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nuair a bheadh calafoirt, críochfoirt agus longa paisinéireachta á ndearadh nó á n-athchóiriú, gan an cháilíocht 'nuair is gá' (leasú 2);
- na forálacha lena rialaítear bordáil daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe gan dochar do na forálacha ginearálta is infheidhme maidir le paisinéirí ag bordáil (leasú 3);
- iarradh ar an gCoimisiún rialacha soiléire a mholadh maidir le cearta na bpaisinéirí agus iad ag pointí an aistrithe idir iompar de thír, iompar de mhuir agus iompar d'uiscebhealach intíre (leasú 7);
- cur chuige reachtach cothrománach lena gcumhdófaí gach modh iompair sa chás ina mbeadh tionscnamh reachtach ann amach anseo i dtaca le cearta paisinéirí (leasú 8);

- go gcuirfí míchumas síceasóisialta san áireamh sa sainmhíniú ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe (leasú 11);
- athruithe don sainmhíniú ar ‘conradh iompair’ (leasú 14) agus ar ‘díoltóir ticéad’ (leasú 15);
- na sainmhínte a moladh ar ‘formáid inrochtana’ (leasú 18), ‘paisinéir’ (leasú 19), ‘teacht’ (leasú 20), ‘imeacht’ (leasú 21), ‘praghas ticéid’ (leasú 22) agus ‘force majeure’ (leasú 23);
- na rialacha rochtana maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a iompar, ar cheart a bhunú faoi mhaoirseacht na gcomhlachtaí náisiúnta forheidhmithe, agus gur cheart go n-áireofaí leis na rialacha sin an lucht tionlacain agus inrochtaineacht an trealaimh chúnaimh atá feistithe (leasú 31);
- an deimhniú i scríbhinn a thabharfaí chun cúnamh a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe (leasú 34);
- cúnamh atá curtha in oiriúint do riachtanais aonair daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe (leasú 35);
- an fhreagracht atá ar chomhlacht bainistithe calafort lena áirithiú go bhfuil an calafort inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe (leasú 37);
- go bhféadfaí a chomhaontú go mbeadh tréimhse fógartha ní ba ghiorra do chúnaimh ann idir an soláthraí cúnaimh agus an paisinéir (leasú 38);
- an gá atá ann go n-áiritheofar go bhfaighidh an paisinéir deimhniú go bhfuarthas fógra maidir lena riachtanais chúnaimh (leasú 39);
- an oibleagáid atá ar an iompróir trealamh nua atá oiriúnach do riachtanais an phaisinéara lena mbaineann a chur in ionad an trealaimh shoghluaisteachta a bhí ann nuair a dhéantar dochar don trealamh sin le linn an turais (leasú 50);
- i gcás moille, nár cheart aisíocaíocht ar phraghas an ticéid a thairiscint don phaisinéir ach amháin má chinneann sé nó sí gan taisteal leis an iompróir (leasú 54);
- aon chúiteamh a dhámhtar faoin Rialacháin, a d’fhéadfaí a asbhaint ó aon chúiteamh breise a dheonófaí (leasú 61);
- na pionóis is infheidhme maidir le sárú an Rialacháin, lena bhféadfaí go n-áireofaí ordú chun chúiteamh a íoc (leasú 70);
- leasuithe 71, 72 agus 75 maidir leis na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán.

III. CONCLÚID

Agus a seasamh ar an gcéad léamh á ullmhú ag an gComhairle, cuireadh san áireamh go huile agus go hiomlán an togra ón gCoimisiún agus an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh. Maidir leis na leasuithe a mhol Parlaimint na hEorpa, feictear don Chomhairle go bhfuil líon mór de na leasuithe sin curtha isteach ina seasamh ar an gcéad léamh aici cheana féin – bíodh sé sin ina n-éirim, i bpáirt nó ina n-iomláine.